

Polasaí Tinrimh Coláiste Íde

Réamhráiteas

Socraíodh polasaí tinrimh a chur le cheile í 2011 chun a bheith cinnte go bhfuil tinreamh sásúil ag gach aon chailín agus go bhfuil an polasaí ag teacht leis an reachtaíocht cuí agus is déanaí mar ata leagtha síos ag an mBord Náisiúnta um Leasa Oideachais

Scóp

Baineann an polasaí seo le gach aon chailín atá cláraithe í gColáiste Íde. Beifear ag súil le tinreamh rialta idir 8:45r.n.-4:00i.n. gach lá scoile, beifear ag súil go mbeadh gach aon chailín ar scoil in am ar maidin agus ag fanacht ar scoil go dtí 4:00i.n.

Aidhmeanna

- Tinreamh rialta ag gach aon chailín don scoil bhliain
- **Tinreamh ranga laethúil maith (gach aon rang san áireamh)** a bheith ag gach aon chailín
- As láithreachas a laghdú
- Idirbheartaíocht cuí a chur i bhfeidhm
- Cuntas tinrimh cruinn a choimeád

Plean Gníomhach

1. Déanfaidh na múinteoirí ranga, príomhoide tánaisteach agus an príomhoide plé rialta leis na cailíní maidir leis an bpolasaí tinrimh
2. Beifear ag bronnadh teastas tinrimh ag deireadh na bliana ar na cailíní go léir le tinreamh iomlán scoile
3. Déanfar an polasaí a phlé leis na tuismitheoirí/caomhnóirí go léir ag tús na scoil bliana
4. Beifear ag súil le **nóta nó glaoch gutháin** ó thuismitheoirí/caomhnóirí má bhíonn cailín as láthair. Tá cead scríofa ón dtuismitheoir/caomhnóir riachtanach má chaitheann cailín an scoil a fhágaint luath (roimh 4:00i.n). Caithfidh gach cailín síniú amach sár a bhfágann siad an scoil

5. Tar éis don dalta a bheith as láthair ar feadh 7 lá scoile, cuirfear glaoch abhaile go dtí na tuismitheoirí chun iad a chur ar an eolas
6. Tar éis don dalta a bheith as láthair ar feadh 14 lá scoile, cuirfear litir abhaile go dtí na tuismitheoirí
7. Múna dtagann aon fheabhas ar an tinreamh déanfar cruinniú a eagrú leis na tuismitheoirí agus an dalta chun an tinreamh a phlé
8. Tá dualgas dlíthiúil ar an scoil cuntas a chur go dtí an Bord Náisiúnta um Leasa Oideachais nuair a bhíonn dalta as láthair ar feadh 20 lá scoile

Monatóireacht

Déanfar monatóireacht ar tinreamh scoile go seachtainiúil.

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí go bliantúil.